C/2026/3948

21.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12538 – H.I.G. EU MM LBO II / TERRAS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3948)

1. An 9 Iúil 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— H.I.G. Europe Middle Market LBO Fund II, SCSp ('H.I.G. EU MM LBO II', Lucsamburg), ciste arna bhainistiú nó arna chomhairliú ag H.I.G. Capital, LLC ('H.I.G. Capital', na Stáit Aontaithe),

— Terras Gruppe GmbH ('Terras', an Ghearmáin).

H.I.G. Gheobhaidh EU MM LBO II rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Terras ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste infheistíochta é H.I.G. EU MM LBO II a bunaíodh i Lucsamburg agus atá á bhainistiú ag H.I.G. Capital, gnólacht infheistíochta domhanda cothromais phríobháidigh agus sócmhainní malartacha atá lonnaithe in Miami, na Stáit Aontaithe. Déanann H.I.G. Capital speisialtóireacht i gcaipiteal fiachais agus caipiteal cothromais araon a sholáthar do chuideachtaí beaga agus meánmhéide,

— Tá Terras bunaithe sa Ghearmáin agus oibríonn sé in san earnáil innealtóireachta sibhialta. Ina theannta sin, cuireann Terras seirbhísí ar fáil a bhaineann le hinnealtóireacht shibhialta, go háirithe - ag an gcéim réamhtheachtach - seirbhísí innealtóireachta (i.e. imscrúduithe ithreach, suirbhéireacht agus tuarascálacha saineolaithe), an trádáil in ábhair thógála agus i mbulcábhair, agus – ag an gcéim iartheachtach – diúscairt dramhaíola (líonadh talún agus athchúrsáil). Bíonn Terras gníomhach sa Ghearmáin den chuid is mó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12538 – H.I.G. EU MM LBO II / TERRAS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË